



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (SIO).

Dáta Éifeachta	<i>03 Samhain 2020</i>
Leagan Uimh.	<i>1.0</i>
Arna cheadú ag	<i>Feidhmeannach an Gharda</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>Treoir HQ 061/2020</i>
Úinéir Beartais	<i>Coimisinéir Cúnta, Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach</i>

Cuspóir.

Leagtar amach sa bheartas seo ról agus freagrachtaí a shanntar don Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (SIO), laistigh den Gharda Síochána. Tugtar treoir sa Bheartas agus sa doiciméad níos imeachta atá ag gabháil leis don Údarás Ceapacháin, maidir leis na critéir agus an próiseas a úsáidfead chun críche SIO a cheapadh d'imscrúdú coireachta tromchúisí, teagmhais criticiúla agus imscrúduithe eile in imthosca

nuair a mheastar is cuí, atá chun leas an phobail.

Tá an Beartas comhoiriúnach le Beartas a bhaineann le hoibriú an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS), rud a bhfuil ábharthacht shonrach aige.

Raon Feidhme.

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le comhaltaí Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (leasaithe).

Ráiteas Beartais.

Is é feidhm reachtúil an Gharda Síochána, atá leagtha amach in alt 7, Acht an Gharda Síochána, 2005 (arna leasú), seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát agus é mar chuspóir aige coirpigh a thabhairt os comhair na cúirte, lena n-áirítear trí choireacht a aimsiú agus a imscrúdú. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go ndéanfaidh an Garda Síochána imscrúdú críochnúil gairmiúil maidir le cásanna coireachta tromchúisí agus teagmhais chriticiúla.

Is gné ríthábhachtach de ról SIO í an chinnteoireacht agus chun na críche sin tá sé riachtanach go gcuireann SIO DRÉACHT **Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM)** i bhfeidhm ar gach cinneadh. Glacfaidh SIO páirt ghníomhach in imscrúdú ar ceapadh é chuige agus déanfaidh sí é a bhainistiú agus cinnteoidh sé go ndéanfar an t-imscrúdú de réir **Chreat an Gharda Síochána um Chearta an Duine**.

Ní mór d'aon ghníomhaíocht a dhéanann SIO i mbainistiú imscrúdaithe prionsabail bhunúsacha na dlíthiúlachta, an riachtanais (dearbhríochtanais i dtéarmaí fornirt mharfaí), na comhréireachta agus na cuntasachta a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir le prionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (ECHR).

Cuirfidh formhór na n-imscrúduithe coiriúla isteach ar phríobháideacht agus dá bhrí sin ní mór dóibh a bheith i gcomhréir leis an Dlí. Tá daoine atá faoi imscrúdú coiriúil i dteideal go dtoimhdeofar é nó í a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar é nó í a bheith ciontach i gcúirt dlí. Beidh imscrúduithe coiriúla oibiachtúil agus cothrom agus íogair agus beidh siad inoiriúnaithe do riachtanais daoine leochaileacha, lena n-áirítear aosach faoi mhíchumas coirp nó intleachtúil, néaltrú nó fadhbanna meabhairshláinte agus leanbh.

Déanfar imscrúdú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun na fíorais a shuíomh agus:

- beidh sé neamhspleách agus neamhchlaonta;
- déanfar é le gastacht agus le dúthracht;
- beidh sé faoi réir grinnscrúdú poiblí agus
- beidh sé de chumas leis a bheith in ann fíorais an cháis a bhunú agus sainaitheint agus ciontú na ndaoine atá freagrach a bheith mar thoradh air.

Beidh an méid seo a leanas mar thaca ag gach imscrúdú:

- leanadh agus taifeadh gach nós imeachta cuí, agus údaraíodh gach gníomh;
- tá nádúr an chur isteach ar phríobháideachtas comhréireach nuair a chuirtear an ní atá faoi imscrúdú san áireamh;
- breithníodh na roghanna go léir agus taifeadh na fachtóirí ábhartha go léir;
- tá na modhanna a úsáidtear comhréireach agus riachtanach chun críche an fhiosrúcháin agus
- déantar gach beart réasúnta chun fianaise a fháil.

Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána.

Doiciméid Ghaolmhara:

1. Doiciméad Nóis Imeachta don Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (SIO);
2. Múnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána;
3. Creat an Gharda Síochána um Chearta an Duine.

An Beartas reatha agus doiciméad gaolmhar a chealú agus a athsholáthar.

- Cealaítear Treoir Ceancheathrú 28/2009 (Pleananna Réamh-mheasta chun Déileáil le Coireanna Tromchúiseacha agus Teagmhais Chriticiúla), a cuireadh in ionad Chaibidil 23.2(2) de Chód an Gharda Síochána, Imleabhar 1.

Scaghtástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scaghtástáil ó thaobh an dlí agus cearta daonna ar an doiciméad seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo dhá mhí dhéag (12) óna dháta éifeachta agus gach trí (3) bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - An Treoir maidir le hÚdaráis Cheartais Choiriúil.

Ní sholáthrófar sonraí pearsanta ach amháin chun na críocha a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte. Is ag pearsanra údraithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.